Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9004/24**

**FIN 386**
**INST 151**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir leis an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid (AMLA), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) |

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS UM FHRITHSCIÚRADH AIRGID (AMLA), AN tÚDARÁS EORPACH UM URRÚIS AGUS MARGAÍ (ESMA), AN tÚDARÁS BAINCÉIREACHTA EORPACH (ÚBE), GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLÁNDÁIL (ENISA), AN INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE (EIGE), AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CHOMHSHAOIL (EEA), AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN (ECHA) AGUS GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS (eu-LISA)**

I gcomhréir le Pointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) an 20 Nollaig 2020, aontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an méid seo a leanas, ar bhonn na faisnéise arna tarchur ag an gCoimisiún:

- Féadfar maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Údarás um Fhrithsciúradh Airgid* (AMLA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais Cheannteideal 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2021-2027, a bhféadfadh úsáid ionstraimí speisialta mar a shainítear i Rialachán CAI a bheith i gceist leis don bhliain 2027. Déanfar an tsuim bhliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta le haghaidh AMLA don bhliain airgeadais 2024 mar a áirítear i mbuiséad 2024, a oiriúnú i mbuiséad leasaitheach atá le teacht de réir an ráitis airgeadais reachtaigh athbhreithnithe. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do AMLA do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais don *Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí* (ESMA) a urrú le hioncaim ó tháillí arna mbailiú le haghaidh na seirbhísí údaraithe agus maoirseachta a chuirfidh ESMA ar fáil. Déanfar cinneadh maidir le líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ESMA do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Údarás Baincéireachta Eorpach* (ÚBE) a urrú le hioncaim ó tháillí arna mbailiú ag ÚBE le haghaidh na seirbhíse bailíochtaithe a soláthraíodh do na gnólachtaí airgeadais sna margaí imréitigh. Déanfar cinneadh maidir le líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ÚBE do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil* (ENISA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais Cheannteideal 1 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuirfear an tsuim bhliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do ENISA don bhliain airgeadais 2024 san áireamh i mbuiséad 2024 i mbuiséad leasaitheach atá le teacht. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ENISA do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne* (EIGE) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais Cheannteideal 2b den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EIGE do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais athbhreithnithe don *Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil* (EEA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais Cheannteideal 3 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an tsuim bhliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do EEA don bhliain airgeadais 2024 san áireamh i mbuiséad 2024 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EEA do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais don *Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán* (ECHA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais Cheannteideal 3 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an tsuim bhliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do ECHA don bhliain airgeadais 2024 san áireamh i mbuiséad 2024 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ECHA do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais* (eu-LISA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais Cheannteideal 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Déanfar an tsuim bhliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta le haghaidh eu-LISA don bhliain airgeadais 2024 a áireamh i mbuiséad 2024 i mbuiséad leasaitheach atá le teacht. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do eu-LISA do na blianta airgeadais ó 2025 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.